# Droichead: Nuashonrú Théarma 3 2023.2024

**Uimhreacha maidir le Droichead go dtí seo**

- 727: Líon na Iar-bhunscoileanna a oileadh i bpróiseas Droichead
- 3,394: Baill lánoilte d'Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) Iar-bunscoil
- 2,076: Líon na n-iarratas a fuair an Chomhairle Múinteoireachta ar Droichead ó Múinteoirí Nuacháilithe (MNCanna) Iar-bunscoil sa bhliain seo
- 613: Líon na Iar-bhunscoileanna atá ag tacú le MNCanna faoi láthair i bpróiseas Droichead

| | |
|---|---|
| **Próiseas Droichead á thabhairt chun críche - Faisnéis Thábhachtach do MNCanna agus do Chomhaltaí FTG** | • Nuair a chomhlánóidh MNCanna a bpróiseas Droichead go hiomlán, ba cheart go gcomhlánódh siad a bhFoirm D ar líne tríd an Mo Thairseach Chlárúcháin. Ní mór é seo a chur isteach roimh **Dé hAoine an 28 Meitheamh.**<br>• Níor cheart do bhaill FTG Foirm D a shíniú go dtí go gcomhlánaíonn MNC gach gné den phróiseas Droichead.<br>• Tugann doiciméad tacaíochta na Comhairle Múinteoireachta Iarratas d'Fhoirm D  Droichead a Chomhlánú Ar Líne (ar fáil trí Bhéarla amháin) cur síos soiléir ar an nós imeachta maidir le Dearbhú Comhpháirteach Fhoirm D Droichead Ar Líne a chomhlánú. Tá físeán a chuireann síos ar an nós imeachta ar fáil anseo (ar fáil trí Bhéarla amháin).<br>• D'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta na 3 Phríomhchúis maidir le Foirmeacha D a Thabhairt ar ais. Moltar do bhaill FTG agus MNCanna eolas a chur orthu seo sula gcuirfear Foirm D isteach.<br>• Nuair a chomhlánaítear Foirm D agus nuair a chuirtear isteach é, déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú uirthi agus gheobhaidh sí réidh leis an gcoinníoll Droichead más cuí.<br>• Tá an ceart ag an gComhairle Mhúinteoireachta an doiciméadacht ar fad a fhaightear a dhearbhú. Dearbhaítear Foirmeacha D comhlánaithe le bhaill FTG ar bhonn rialta. Glacann an Chomhairle Mhúinteoireachta go dáiríre le haon bhrionnú faisnéise agus féadfaidh gníomh smachtaithe a bheith ann mar thoradh air. |
| **Guth MNC** | • Scaip an Ceistneoir maidir le Guth MNC ar na MNCanna atá i do scoil faoi láthair.<br>• Tugtar an deis sa cheistneoir seo do na MNCanna aiseolas a chur ar fáil faoina n-eispéireas sa phróiseas Droichead.<br>• Táimid ag tnúth le Tuairisc Ghutha an MNC a fhoilsiú agus é a roinnt ar ár suíomh gréasáin i dTéarma 1 de 2024.2025. |


CC BY NC

| | |
|---|---|
| **Suíomh Gréasáin Oide** | • Tá ríméad orainn a fhógairt gur seoladh www.oide.ie le déanaí. Is féidir rochtain a fháil sa chuid Rannóg Ionduchtaithe Droichead ag https://oide.ie/ga/droichead/baile/iar-bhunscoil/<br>• Le linn na seachtainí atá le teacht, uaslódálfaimid tuilleadh faisnéise agus acmhainní a bhaineann leis an bpróiseas Droichead sa rannóg seo den suíomh gréasáin. |
| **Na Meáin Shóisialta: X** | • Lean @Oide_Droichead ar X chun an nuacht is deireanaí a fháil. |
| **Faisnéis Thábhachtach le haghaidh 2024.2025** | |
| **Oiliúint FTG 2024.2025** | • Sa chás go bhfágfadh ball den FTG an scoil, nó go n-éireodh siad tinn etc., féadann scoil ball den FTG nua a iarraidh le hoiliúint.<br>• Ní mór beirt bhaill den FTG ar a laghad a bheith ar fáil chun tacú le MNC tríd an bpróiseas Droichead. Muna bhfuil ach **ball FTG amháin fágtha** i scoil, déan iarratas d'oiliúint FTG trí theagmháil a dhéanamh le angie.grogan@oide.ie mar bheart práinne.<br>• Tá iarratais maidir le hOiliúint FTG don scoilbhliain 2023.2024 dúnta anois. Beidh scoileanna in ann cur isteach ar oiliúint an FTG don scoilbhliain 2024.2025 anseo. |
| **Sonraí maidir le Baill an FTG** | • Mar bhall den FTG, iarrtar ort a chinntiú go bhfuil do chuid sonraí cothrom le dáta ar 'Mo Thairseach Chlárúcháin' na Comhairle Múinteoireachta le go bhféadfaidh MNCanna tú a roghnú mar an ball FTG acu in 2024.2025. |
| Gabhann an Rannóg Ionduchtúcháin Droichead buíochas leis na Príomhoidí agus le baill an FTG as an tacaíocht a chuireann siad ar fáil do na comhghleacaithe is nuaí againn. | |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers